# Cód Iompair a Fhorbairt: Treoirlínte do Scoileanna

## Réamhrá

Tá cód iompair ag an gcuid is mó de na scoileanna cheana féin, agus níltear ag súil, de réir na dTreoirlínte, go n-ullmhóidh scoileanna cód nua. Túsphointe do gach scoil ina bhfuil cód iompair cheana féin is ea iniúchóireacht ar an gcód reatha. Rinneadh an seicliosta seo a fhorbairt chun cuidiú le scoileanna an iniúchóireacht a chur i gcrích.

## Iniúchóireacht a Dhéanamh

Ligeann an próiseas iniúchóireachta don scoil seiceáil a dhéanamh maidir le hiomláine agus le comhlíonadh ceanglas dlíthiúil agus dea-chleachtas mar atá leagtha amach sna Treoirlínte. Is deis atá ann an dea-chleachtas sa scoil a aithint agus ceiliúradh a dhéanamh air, agus chun obair mhaith a dheimhniú ar tugadh fúithi cheana maidir le forbairt agus oibriú an chóid chleachtais.

Sainaithneoidh an iniúchóireacht na gnéithe sin den chód atá ag feidhmiú go maith, agus nochtfaidh sé aon difríochtaí atá ann idir an cleachtas a mholann na Treoirlínte agus feidhmiú an chóid. Sainaithneoidh an iniúchóireacht freisin réimsí a mholann na Treoirlínte a chlúdach ach nach ndíríonn an cód reatha orthu.

Nuair a bheidh an iniúchóireacht curtha i gcrích, cuirfidh sí faisnéis ar fáil maidir leis an obair is gá a dhéanamh, agus féadfaidh an scoil plean a dhéanamh ansin le haghaidh aon athruithe a theastaíonn. Tá cur amach ag na scoileanna cheana féin ar an timthriall seo d’athbhreithniú, pleanáil agus gníomhú trí phróiseas na pleanála forbartha scoile.

## Cé a dhéanann an obair seo?

An Príomhoide agus an fhoireann, nó grúpa beag d’ionadaithe foirne, tuismitheoirí agus an Bhoird Bhainistíochta, de ghnáth, a sheolann an iniúchóireacht, tar éis dóibh iad féin a chur ar an eolas maidir leis na Treoirlínte. Bíonn sé úsáideach daoine a bhfuil cur amach maith acu ar an scoil agus ar oibriú an chóid chleachtais a bheith bainteach leis an iniúchóireacht, agus réimse de bharúlacha éagsúla a bheith ann freisin agus an iniúchóireacht á comhlánú.

## Seicliosta na hiniúchóireachta

Tá ceisteanna na hiniúchóireachta bunaithe don chuid is mó ar na príomhcheanglais a bhfuil achoimre díobh sna 'Boscaí Gorma' i ndeireadh fhormhór na gcaibidlí sna Treoirlínte.

Go ginearálta, leagtar amach na ceisteanna ar an seicliosta mar cheisteanna a bhfuil freagra tá / níl, etc., orthu. Féadfar na ceisteanna a fhreagairt bunaithe ar eolas agus cur amach ar an scoil agus, de ghnáth, gan gá a bheith le haon fhaisnéis nua a bhailiú. B'fhéidir gur mhaith leat colún na Nótaí a úsáid chun taifead a dhéanamh ar na polasaithe, na cleachtais nó na gníomhaíochtaí sin de chuid na scoile atá tú a chur san áireamh agus ceist á freagairt agat.

I gcás ina ligeann an fhaisnéis atá ar fáil duit 'tá', etc., a thabhairt mar fhreagra ar cheist iniúchóireachta, tá tú sásta nach dteastaíonn aon fhorbairt bhreise chun na Treoirlínte a chomhlíonadh i ndáil leis an réimse a chlúdaíonn an cheist sin.

I gcás ina gcinnfidh tú gur 'níl', etc., an freagra a thabharfar ar cheist iniúchóireachta, tá an réimse sin á sainaithint agat mar réimse ina dteastaíonn obair bhreise d'fhonn na Treoirlínte a chomhlíonadh.

Mura bhfuil tú cinnte cad é a chlúdaíonn ceist iniúchóireachta ar leith, féadfaidh sé a bheith tairbheach d'aird a dhíriú ar an alt nó na hailt iomchuí de na Treoirlínte a bhfuil nóta maidir leis nó leo taobh le gach ceist.

I gcás ina sainaithníonn an iniúchóireacht gnéithe de chód na scoile a bhfuil gá iad a athbhreithniú nó tabhairt fúthu, ba cheart don Bhord Bainistíochta, mar aon leis an bPríomhoide, tosaíocht a thabhairt do na réimsí sin agus plean gníomhaíochta a fhorbairt, a mbeidh fráma ama ag gabháil leis, chun an obair sin a dhéanamh. Ba cheart duit taifead a choinneáil den iniúchóireacht chomhlánaithe agus d'aon phleananna a eascraíonn uaithi.

**An Bord Náisiúnta Leasa Oideachais**
**Lúnasa 2008**

# Iniúchóireacht ar Chód Iompair Scoile

Scoil ______________________ Dáta ________________

Foireann Iniúchóireachta ______________________________________

## Mar a forbraíodh Cód Iompair na scoile

**Féach Caibidil 2 *Iniúchadh agus Athbhreithniú ar an gCód Iompair***

| Ceist Iniúchóireachta | CHUATHAS | NÍ CHUATHAS | Nótaí |
|---|---|---|---|
| Ar chuathas i gcomhairle leis an bhfoireann, na mic léinn agus leis na tuismitheoirí, agus an raibh siad rannpháirteach, agus cód iompair reatha na scoile á fhorbairt? | | | |

## Iompar a Thuiscint

**Féach Caibidil 4 *Iompar a thuiscint***

| Ceist Iniúchóireachta | | | Nótaí |
|---|---|---|---|
| An dtugann an scoil deiseanna don fhoireann a dtuiscintí maidir le cúrsaí iompair a phlé agus a roinnt? | TUGANN | NÍ THUGANN | |
| An bhfuil bealaí ag an scoil chun cuidiú le tuismitheoirí a thuiscint conas is féidir leo cuidiú le mic léinn iad féin a iompar go maith ar scoil? | TÁ | NÍL | |
| An bhfuil bealaí ag an scoil chun cuidiú le mic léinn freagracht a ghlacadh as a gcuid iompair agus an caidreamh a bhíonn acu le daoine eile? | TÁ | NÍL | |

## Cur chuige sa scoil uile

**Féach Caibidil 5 *Cur Chuige sa Scoil Uile i ndáil leis an gCód Iompair***

| Ceist Iniúchóireachta | | | Nótaí |
|---|---|---|---|
| An ndéantar polasaithe agus cleachtais lárnacha a sheiceáil le fáil amach conas a théann siad i bhfeidhm ar iompar mac léinn? | DÉANTAR | NÍ DHÉANTAR | |
| An mbíonn deiseanna ag an bhfoireann a bheith ag obair mar mheitheal chun cur chuige sa scoil uile i leith iompair a fhorbairt? | BÍONN | NÍ BHÍONN | |

| | | | |
|---|---|---|---|
| An bhfaigheann tuismitheoirí agus mic léinn an deis cur le polasaí na scoile? | **FAIGHEANN** | **NÍ FHAIGHEANN** | |

## Caighdeáin Iompair a Leagan Síos

**Féach Caibidil 6 *Caighdeáin Iompair a Leagan Síos***

| Ceist Iniúchóireachta | | | Nótaí |
|---|---|---|---|
| An bhfuil caighdeáin iompair atá soiléir maidir leis an uile dhuine ag an scoil? | **TÁ** | **NÍL** | |
| An bhfuil réimse bealach ag an scoil chun na caighdeáin sin a chur in iúl do na mic léinn, don fhoireann agus do na tuismitheoirí? | **TÁ** | **NÍL** | |
| An raibh baint ag na mic léinn le **rialacha na scoile** a fhorbairt? | **BHÍ** | **NÍ RAIBH** | |
| An mbíonn baint ag na mic léinn le **rialacha seomra ranga** a fhorbairt? | **BÍONN** | **NÍ BHÍONN** | |
| An bhfuil bealaí ag an scoil le cinntiú go dtuigeann mic léinn a bhfuil riachtanais speisialta orthu cad é a bhfuiltear ag súil leis uathu? | **TÁ** | **NÍL** | |

## Dea-iompar a Chothú

**Féach Caibidil 7 *Dea-iompar a chothú***

| Ceist Iniúchóireachta | | | Nótaí |
|---|---|---|---|
| An bhfuil plean ann chun an dea-iompar a chur chun cinn sa scoil? | **TÁ** | **NÍL** | |
| An raibh an fhoireann, na mic léinn, na tuismitheoirí agus an Bord Bainistíochta rannpháirteach nuair a bhí an plean á dhéanamh? | **BHÍ** | **NÍ RAIBH** | |
| An ndéantar athbhreithniú ar an bplean ó am go ham? | **DÉANTAR** | **NÍ DHÉANTAR** | |

## Freagairt d'Iompar Míchuí

**Féach Caibidil 8 *Freagairt d'Iompar Míchuí***

| Ceist Iniúchóireachta | | | Nótaí |
|---|---|---|---|
| An bhfuil foireann de straitéisí aontaithe ag an scoil chun cuidiú le mic léinn iompar mí-oiriúnach a athrú? | **TÁ** | **NÍL** | |
| An bhfuil polasaí scríofa ag an scoil maidir leis an gcaoi a úsáidtear smachtbhannaí chun cuidiú le mic léinn? | **TÁ** | **NÍL** | |
| An bhfuil róil a shainmhínítear go soiléir ag comhaltaí ainmnithe den fhoireann agus an bhfuil freagrachtaí a shainmhínítear go soiléir orthu i ndáil le | **TÁ** | **NÍL** | |

| | | | |
|---|---|---|---|
| hiompar? | | | |
| An bhfuil bealach caighdeánaithe ag an scoil don fhoireann chun nithe a bhaineann le hiompar mac léinn a thaifeadadh? | **TÁ** | **NÍL** | |
| An bhfuil polasaithe scríofa ag an scoil maidir le bulaíocht agus ciapadh? | **TÁ** | **NÍL** | |

# Cód Iompair na Scoile a Chur i nGníomh

**Féach Caibidil 9 *An Cód Iompair a Chur i nGníomh***

| Ceist Iniúchóireachta | | | Nótaí |
|---|---|---|---|
| An bhfuil réimse bealaí ag an scoil chun an fhoireann, na mic léinn agus na tuismitheoirí a chur ar an eolas maidir leis an gCód Iompair? | **TÁ** | **NÍL** | |
| An bhfuil Cód scríofa ag an scoil? | **TÁ** | **NÍL** | |
| Seachas an cód scríofa a thabhairt do thuismitheoirí, an ndéanann an scoil aon rud eile chun cuidiú le tuismitheoirí an cód a thuiscint agus tacú leis? | **DÉANANN** | **NÍ DHEANANN** | |
| An bhfuil pleananna ceachta agus cláir ann chun cuidiú le mic léinn na scileanna agus an t-eolas a theastaíonn uathu a fhoghlaim d'fhonn iad féin a iompar go maith? | **TÁ** | **NÍL** | |
| An ndéanann an scoil monatóireacht ar phátrúin iompair sa scoil? | **DÉANANN** | **NÍ DHÉANANN** | |
| An bhfuil córas caighdeánach sa scoil chun taifid a choinneáil maidir le hiompar? | **TÁ** | **NÍL** | |
| An bhfuil bealaí aitheanta ann don fhoireann, do mhic léinn agus do thuismitheoirí ábhar imní maidir le hiompar a chur in iúl nó chun gearáin a dhéanamh? | **TÁ** | **NÍL** | |
| Ar chuir an scoil comhairle ar thuismitheoirí maidir leis an mbealach ar cheart dóibh asláithreacht linbh ón scoil a chur in iúl? | **CHUIR** | **NÍOR CHUIR** | |

# Fionraí

**Féach Caibidil 10 *Fionraithe agus Díbirtí: ceanglais dhlíthiúla agus ghnásúla &* Caibidil 11 *Fionraí***

| Ceist Iniúchóireachta | | | Fianaise |
|---|---|---|---|

| | | | |
|---|---|---|---|
| An bhfuil polasaí maidir le húsáid fionraíochta agus nósanna imeachta scríofa chuige sin? | **TÁ** | **NÍL** | |
| An bhfuil siad sin ceadaithe ag an mBord Bainistíochta? | **TÁ** | **NÍL** | |
| An bhfuil a fhios ag an bhfoireann, na mic léinn agus na tuismitheoirí maidir leis an bpolasaí le haghaidh úsáid fionraíochta agus na nósanna imeachta chuige sin? | **TÁ A FHIOS** | **NÍL A FHIOS** | |
| An bhfuil nósanna imeachta imscrúdaithe atá cothrom ag an scoil chun cinntí a dhéanamh? | **TÁ** | **NÍL** | |
| An bhfuil córas ann don Bhord Bainistíochta chun athbhreithniú a dhéanamh go rialta ar úsáid na fionraíochta sa scoil? | **TÁ** | **NÍL** | |

# Díbirt

**Féach Caibidil 10 *Fionraithe agus Díbirtí: ceanglais dhlíthiúla agus ghnásúla* & Caibidil 12 *Díbirt***

| Ceist Iniúchóireachta | | | Fianaise |
|---|---|---|---|
| An bhfuil polasaí agus nósanna imeachta scríofa ag an scoil le haghaidh úsáid na fionraíochta? | **TÁ** | **NÍL** | |
| An bhfuil siad sin ceadaithe ag an mBord Bainistíochta? | **TÁ** | **NÍL** | |
| An bhfuil a fhios ag an bhfoireann, na mic léinn agus na tuismitheoirí maidir leis an bpolasaí le haghaidh úsáid fionraíochta agus na nósanna imeachta chuige sin? | **TÁ A FHIOS** | **NÍL A FHIOS** | |
| An bhfuil nósanna imeachta imscrúdaithe atá cothrom ag an scoil chun cinntí a dhéanamh? | **TÁ** | **NÍL** | |
| An bhfuil nósanna imeachta ann chun tuismitheoirí agus mic léinn a chur ar an eolas maidir lena gceart chun achomhairc? | **TÁ** | **NÍL** | |
| An bhfuil córas ann chun gur féidir leis an mBord Bainistíochta athbhreithniú rialta a dhéanamh ar úsáid díbeartha sa scoil? | **TÁ** | **NÍL** | |

# Plean Samplach ag eascairt as iniúchóireacht

Tar éis iniúchadh a dhéanamh ar chód iompair na scoile, is é an chéad chéim eile plean agus foireann tosaíochtaí a ullmhú chun tabhairt faoi na réimsí sin a bheidh aitheanta agat mar réimsí ina bhfuil breis oibre le déanamh. Ba cheart don Bhord Bainistíochta an plean a fhaomhadh.

**Tosaíochtaí**
Má tá aon ghné de do chód iompair reatha nach bhfuil ag teacht le ceanglais dhlíthiúla, nó má tá aon cheanglas dlíthiúil nach bhfuil á chomhlíonadh, ba cheart tosaíocht a thabhairt don ghné sin.

B'fhéidir gur mhaith leat tosaíocht a thabhairt do na nithe seo a leanas freisin:

- Na réimsí ina bhféadfadh tionchar pras, an-dearfach a bheith ag athrú a dhéanfaí
- Nithe a d'fhéadfaí a athrú go pras

## An leagan amach a d'fhéadfadh a bheith ar phlean gníomhaíochta

| An ghné ar a bhfuil obair ag teastáil | An obair atá le déanamh | Tosaíocht (ard, meánach, íseal) | Fráma ama | Cé a bheidh bainteach leis seo |
|---|---|---|---|---|
| Nósanna imeachta le haghaidh úsáid fionraíochta | Athbhreithniú iomlán | Ard | Eanáir – Márta 2009 | An Bord Bainistíochta, an Príomhoide, ionadaithe na foirne agus na dtuismitheoirí agus, más cuí, mic léinn |
| Iompar a thuiscint | Cainteanna maidir le hiompar a eagrú don chruinniú foirne. Seisiún cainte a mholadh do Chruinniú Cinn Bhliana chomhlachas na dtuismitheoirí | Meánach | Eanáir go Meitheamh | Treoirchomhairleoir agus Postshealbhóir |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| Caighdeáin na scoile | Cuir in iúl arís do gach duine | Ard | Láithreach | An Príomhoide, Ceannasaithe na mBlianta agus Múinteoirí Ranga |
| Rialacha an tseomra ranga | Iarr ar na múinteoirí rialacha an tseomra ranga a phlé leis na mic léinn | Ard | Leanúnach | An fhoireann mhúinteoireachta go léir |